**RABHADH**
**CAITHFEAR an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo**: ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014

## GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL
**(400 marc)**

**DÉARDAOIN 12 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 go 12.00**

**FREAGAIR**

**(A) Deich** gceist as **ROINN 1**

**AGUS**

**(B) Ceithre** cheist as **ROINN 2 mar a leanas:**

Ceist **amháin** as **Cuid 1** agus
**Dhá** cheist as **Cuid 2** agus
Ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2**.

**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| Iomlán | |

**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Múnla an Áireamháin a Úsáideadh:**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS I dTEANNTA AN FHREAGARLEABHAIR A ÚSÁIDTEAR CHUN CUID 2 A FHREAGAIRT**

# ROINN 1

**(100 marc)**

## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist. Cuir an ceistpháipéar seo ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar, le do thoil.**

**1.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? (Scríobh gach freagra sa spás cuí.)

| | |
|---|---|
| BAD (*HRM*) | |
| PF (*CEO*) | |
| TFC (*ICT*) | |

**2.** Tá “Apple” ar cheann de na brandaí is mó ar domhan. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hainm branda a bheith agat.

(i) ________________________________________

(ii) ________________________________________

**3.** Mínigh an téarma ‘páirtí leasmhar’ agus liostaigh **dhá** shampla de pháirtithe leasmhara i ngnóthas.

Samplaí:

(i) ________________________________________

(ii) ________________________________________

**4.** Comhlánaigh na **trí** chéim de Shaolré Táirge atá ar iarraidh:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cur i láthair** | | | **Sáithiú** | |

5. Cuir in iúl cé acu ag an g**CATHAOIRLEACH** nó ag an **RÚNAÍ** a bhíonn na feidhmeanna seo a leanas ag CGB.

| **FEIDHMEANNA** | | **CATHAOIRLEACH nó RÚNAÍ** |
|---|---|---|
| **1.** | Tosaíonn agus críochnaíonn sé/sí an CGB. | |
| **2.** | Léann sé/sí miontuairiscí an CGB deiridh. | |
| **3.** | Cinntíonn sé/sí go leantar an Clár Gnó. | |
| **4.** | Glacann sé/sí nótaí le linn an chruinnithe agus scríobhann na miontuairiscí tar éis an chruinnithe. | |
| **5.** | Bíonn an vóta réitigh aige/aici má bhíonn an vóta cothrom. | |

**6.** Meastar gur gnó eiticiúil atá ar bun ag an déantóir uachtar reoite Ben & Jerry's. Mínigh an téarma 'gnó eiticiúil'.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

**7.** Mínigh an téarma 'Sárú Conartha'.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

**8.** Scríobh FÍOR nó BRÉAGACH i ndiaidh gach ceann de na ráitis seo a leanas:

| **RÁITIS** | | **FÍOR nó BRÉAGACH** |
|---|---|---|
| **1.** | Is é atá i gceist le slánaíocht go gcaithfidh tú gnóthú as earra a bheith ann agus caillteanas airgid a bheith ort má chailleann tú é. | |
| **2.** | Is é is ualú ann ná táille bhreise ar an mbunphréimh mar thoradh ar riosca méadaithe . | |
| **3.** | Conradh is ea polasaí árachais. | |
| **4.** | Is é atá i gceist le Meon Lánmhaith go gcaithfidh an t-árachaí a bheith fírinneach maidir le gach fíric ábhartha nuair a dhéantar iarratas ar árachas. | |
| **5.** | Ríomhann Measúnóir an phréimh a chaithfidh an t-árachaí a íoc. | |

**9.** (i) Ríomh Comhardú na Trádála, agus an t-eolas seo a leanas á úsáid agat.
**(Taispeáin do chuid oibrithe.)**

Iompórtálacha Sofheicthe €1500m
Easpórtálacha Sofheicthe €1300m

Oibrithe:

**Comhardú na Trádála:** ____________________

(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu barrachas nó easnamh é Comhardú na Trádála.

☐ Barrachas ☐ Easnamh

**10.** Is liosta de théarmaí gnó atá i gcolún 1. Is liosta de mhíniúcháin a d'fhéadfadh a bheith ar na téarmaí sin atá i gcolún 2. **(Tá míniúchán amháin ann nach féidir a mheaitseáil le haon téarma díobh.)**

| **Colún 1: Téarmaí Gnó** | **Colún 2: Míniúcháin** | |
|---|---|---|
| **1.** Plean Straitéiseach | **A.** | Plean a leagann amach an t-insreabhadh agus an t-eis-sreabhadh airgid a bhfuil coinne leo. |
| **2.** Ráiteas Misin | **B.** | Plean chun a chinntiú go mbeidh an líon ceart fostaithe leis na scileanna cearta ag an ngnóthas ag an am ceart. |
| **3.** Plean Teagmhasach | **C.** | Sain-phlean le cur i gcrích laistigh de thréimhse réasúnta gearr. |
| **4.** Plean Oirbheartaíochta | **D.** | An cuspóir foriomlán gnó le cur i gcrích le linn shaolré an ghnólachta. |
| **5.** Plean Daonchumhachta | **E.** | Plean cúltaca chun imeachtaí gan choinne a chlúdach. |
| | **F.** | Plean fadtéarmach a bheidh mar fhócas don ghnólacht iomlán. |

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir chuí thíos.

| **1.** | **2.** | **3.** | **4.** | **5.** |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**11.** Mínigh na céimeanna seo a leanas i bhforbairt táirge/seirbhíse nua:

(i) Staidéar Indéantachta ____________________

____________________

(ii) Forbairt Fréamhshamhla ____________________

____________________

**12.** Liostaigh **dhá** institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh (AE).

(i) ____________________

(ii) ____________________

**13.** Comhlánaigh an tábla seo a leanas a thagraíonn don Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart i gcás gach ráitis.

**An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980**

| **Saincheist Tomhaltóra** | **Gan a bheith de mhianach inmhargaidh** | **Gan a bheith feiliúnach don chuspóir** | **Gan a bheith mar a tuairiscíodh** | **Gan a bheith ag meaitseáil an tsampla** |
|---|---|---|---|---|
| Cóta uiscedhíonach a ligeann an t-uisce isteach. | | | | |
| Tá patrún éagsúil i gcuirtíní seachas an ceann a bhí le feiceáil sa sampla sa siopa. | | | | |
| Fón dubh laistigh de bhosca a bhfuil fón airgid scríofa ar an lipéad atá air. | | | | |
| Tá dáileoir uisce i gcuisneoir ag sceitheadh. | | | | |

**14.** Liostaigh **trí** chúis a measfaí dífhostú a bheith éagórach faoin Acht um Dhífhostú Éagórach 1977/2007.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

**15.** Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann gnóthas as fostaithe ard-spreagtha a bheith aige.

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

# ROINN 2

**(300 marc)**

Freagair **ceithre** cheist as ROINN 2 mar seo a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1** agus
**Dhá** cheist as **Cuid 2 AGUS**
Ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2**.

# CUID 1

## DAOINE SA GHNÓ

### CEIST 1

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Funky Fotos**

Thug Jenny tairiscint ó Funky Fotos faoi deara ar shuíomh gréasáin do mhargaí laethúla. Bhí siad ag tairiscint 100 fótagraf a phriontáil ar €5.99. Chuir Jenny síos a hainm chun an margadh a fháil agus chuaigh sí chuig Funky Fotos. D'uaslódáil sí na fótagraif 5'×7' a bhí aici i gcomhair priontála agus dúradh léi teacht ar ais an lá ina dhiaidh sin chun iad a bhailiú mar go raibh siad an-ghnóthach ar fad.
D'fhill Jenny an lá ina dhiaidh sin chun na fótagraif a bhailiú. Dúradh léi gur €10.99 an praghas a bhí orthu. Thagair sí don 'mhargadh' ar chuir sí a hainm síos dó ach dúirt an freastalaí siopa léi gur d'fhótagraif 4'×6' amháin a bhí an margadh. Chuaigh Jenny i dteagmháil leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí. Bhí mórán gearán den chineál céanna faighte acu cheana féin faoi thairiscint Funky Fotos.

**MARGADH AN LAE INNIU**

**Funky Fotos**

Déanfar fótagraif a phriontáil láithreach

***Tairiscint Speisialta***
Níl ach €5.99
ar 100 fótagraf

**(A)** Mínigh conas atá téarmaí an Achta um Chosaint Tomhaltóirí 2007 sáraithe ag Funky Fotos.
**(Tagair don téacs i do fhreagra.)** (15 mharc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí ar féidir leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí gníomhú i gcoinne Funky Fotos. (15 mharc)

**Gníomhaíocht Thionsclaíoch na nDochtúirí Sóisearacha**




I mí Dheireadh Fómhair 2013, chuaigh dochtúirí sóisearacha ar stailc aon lae i gcoinne an Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE *i mBéarla*) maidir le huaireanta agus coinníollacha oibre. Rinne an **Ceardchumann** atá acu, Cumann Leighis na hÉireann (IMO *i mBéarla*), ionadaíocht ar a son agus rinne siad **picéadú** lasmuigh d'ospidéil phoiblí. Tar éis na gníomhaíochta tionsclaíche, d'fhill an IMO agus an FSS ar an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais (LRC *i mBéarla*).

**(C)** Liostaigh **trí** chúis, seachas coinníollacha oibre, a d'fhéadfadh a bheith mar údar le díospóidí caidrimh thionsclaíoch. (15 mharc)

**(D)** Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu thuas. (15 mharc)

**(E)** Mínigh **dhá** fheidhm atá ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais (LRC).
(15 mharc)
**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

**TIMPEALLACHT INTÍRE/ IDIRNÁISIÚNTA**

## CEIST 2

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Tá Glanbia cpt ar cheann de na gnólachtaí talmhaíochta is mó le rá in Éirinn. Déanann sé táirgí bia do mhargadh na hÉireann agus do mhargaí idirnáisiúnta. Tá sé lonnaithe i gCill Chainnigh, fostaíonn sé breis agus 3,500 duine in 14 thír agus bhí láimhdeachas bliantúil de €2.9 billiún aige in 2012.

**(A)** (i) Feidhmíonn Glanbia cpt in earnáil thánaisteach an gheilleagair. Mínigh cad atá i gceist leis an 'earnáil thánaisteach'.
(ii) Ainmnigh an **dá** earnáil eile den gheilleagar. (15 mharc)

**(B)** Mínigh **dhá** bhuntáiste atá ann do mhuintir Chill Chainnigh agus don phobal mórthimpeall as Glanbia ctp a bheith lonnaithe ansin. (15 mharc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste atá ann do Glanbia cpt as a bheith lonnaithe in 14 thír éagsúil. (15 mharc)

**(D)** Cuideachta Phoiblí Theoranta (cpt) is ea Glanbia. Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le feidhmiú mar cpt. (15 mharc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhúshlán a d'fhéadfadh a bheith roimh earnáil ghnó na talmhaíochta in Éirinn. (15 mharc)

**(75 marc)**

**TIMPEALLACHT INTÍRE / IDIRNÁISIÚNTA**

## CEIST 3

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Leibhéil fostaíochta in **earnáil an fháilteachais** in Éirinn:

**2005:** 135,000 **2007:** 133,000 **2009**: 130,000 **2011:** 115,000 **2013:** 130,000

I gCáinaisnéis 2014, coinníodh an ráta laghdaithe 9% CBL i gcomhair earnáil an fháilteachais/na turasóireachta.

**(A)** Tarraing líneghraf a léireoidh na leibhéil fostaíochta thuas in earnáil an fháilteachais in Éirinn. (Is ceadmhach grafpháipéar a úsáid.) (15 mharc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an ráta laghdaithe CBL, 9%, d'earnáil na turasóireachta/an fháilteachais. (15 mharc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach eile a gcuidíonn an Rialtas le gnóthais in Éirinn. (20 marc)

**(D)** Ainmnigh **trí** cháin, seachas CBL, a bhailíonn an Rialtas. (15 mharc)

**(E)** Mínigh an téarma 'fiontar atá faoi úinéireacht an stáit a phríobháidiú'. (10 marc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

# CUID 2

## FIONTRAÍOCHT / BAINISTÍOCHT

### CEIST 4

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Surfáil Chósta an Iarthair**

In 2013, chaill Jordan Ó Cathasaigh a phost i monarcha i mbaile Shligigh. Fuair sé pacáiste iomarcaíochta agus chinn sé gur mhaith leis a ghnó féin a bhunú sa Chaisleán Mór, baile cois farraige. Bhain Jordan taitneamh as an tsurfáil mar chaitheamh aimsire ó bhí sé ar scoil. Thuig sé go raibh méadú ar an tóir ar an tsurfáil mar spórt agus go raibh bearna sa mhargadh chun ceachtanna surfála a chur ar fáil ar an trá áitiúil. Rinne sé anailís LLBD (SWOT *i mBéarla*) ar an smaoineamh a bhí aige don ghnó a d'fhéadfadh a bheith aige. Bhí Jordan eolach ar theorainneacha a chuid acmhainní féin. Chuaigh sé chuig an mBord Fiontar Contae agus chuir siadsan seirbhís mheantóireachta ar fáil dó.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** scil/shaintréith fiontraíochta a léirigh Jordan.
**(Tagair don téacs i do fhreagra.)** (15 mharc)

**(B)** Rinne Jordan gnó den chaitheamh aimsire a bhí aige.
Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhoinse eile do smaointe nua gnó. (15 mharc)

**(C)** Mínigh **dhá** fhoinse fhadtéarmacha i gcomhair maoinithe a d'fhéadfadh Jordan a úsáid chun a ghnó a bhunú. (15 mharc)

**(D)** Mínigh cén fáth ar chóir do Jordan anailís LLBD a dhéanamh. (15 mharc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an seirbhís mheantóireachta a chuireann an Bord Fiontar Contae ar fáil. (15 mharc)

**(75 marc)**

## BAINISTÍOCHT / GNÓ I nGNÍOMH

### CEIST 5

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

***BestoPesto***

Is í Maria Ní Chonluain bainisteoir BestoPesto, gnóthas a dhéanann anlainn chócaireachta. Táirgeann BestoPesto anlainn de chúig bhlas éagsúla. Tá méadú tagtha ar na gearáin ó chustaiméirí faoi na táirgí le gairid. Tuigeann Maria gur gá don ghnóthas feabhas a chur ar na bearta rialaithe cáilíochta atá acu. Sheol Maria meamram chuig an bhfoireann ag cur in iúl dóibh go mbeadh cruinniú foirne á thionól sa seomra comhdhála Dé hAoine 27 Meitheamh 2014 ar 9.00 a.m. le ceisteanna maidir le rialú cáilíochta a phlé.

**(A)** Mínigh **dhá** chineál stíl cheannaireachta. (15 mharc)

**(B)** Mínigh an chúis a n-úsáidfeadh BestoPesto modhanna baisctháirgthe dá gcuid anlann. (15 mharc)

**(C)** (i) Mínigh an téarma 'Rialú Cáilíochta'.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar mhodh **amháin** a d'fhéadfadh BestoPesto a úsáid chun feabhas a chur ar rialú cáilíochta. (20 marc)

**(D)** Agus dáta an lae inniu á úsáid agat, dréachtaigh an meamram a sheol Maria Ní Chonluain chuig an bhfoireann ag cur in iúl dóibh go mbeadh cruinniú foirne ag teacht aníos. (10 marc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cruinnithe mar mhodh cumarsáide. (15 mharc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

**BAINISTÍOCHT / GNÓ I nGNÍOMH**

**CEIST 6**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

## GLICDHÍOL

Is fiontar teicneolaíochta é Glicdhíol a sholáthraíonn bogearraí do shiopaí miondíola. Tá sé ag feidhmiú faoi láthair i margadh na hÉireann ach feictear dó go bhfuil deis ann leathnú isteach i margadh na Ríochta Aontaithe. Teastóidh roinnt fostaithe oilte nua chun cuidiú leis an ngnóthas forbairt i margadh na Ríochta Aontaithe.
Tá Jabthuairisc agus Duineshonrú (*Sonraíocht faoin bPearsa*) á n-ullmhú le haghaidh gach poist ag an mBainisteoir AD. Beidh oiliúint 'ar an láthair oibre' agus 'lasmuigh den láthair oibre' le fáil ag na fostaithe nua ar fad nuair a théann siad isteach sa ghnó. Faigheann fostaithe bónais agus sochair chomhchineáil mar luach saothair.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis le gnó a leathnú. (15 mharc)

**(B)** Mínigh na **ceithre** théarma a bhfuil líne fúthu. (20 marc)

**(C)** Mínigh an difríocht idir oiliúint 'ar an láthair oibre' agus oiliúint 'lasmuigh den láthair oibre'.
**(Tagair do Glicdhíol i do fhreagra.)** (10 marc)

**(D)** Liostaigh **dhá** mhodh chun folúntais do phoist a fhógairt. (10 marc)

**(E)** D'éirigh le Niall Ó Riain ina iarratas ar dhul ag obair mar Innealtóir Bogearraí le Glicdhíol.
Déan an Pá Glan Bliantúil a thugann sé abhaile leis a ríomh ón eolas seo a leanas:

> Tuillfidh Niall €60,000 sa bhliain mar Phá Comhlán.
> Íocann sé ÍMAT ar 20 % ar an gcéad €32,800 agus ar 41% ar an bhfuílleach.
> €3,600 na creidmheasanna cánach atá aige sa bhliain.
> Íocann sé ÁSPC ar 4% agus MSU ar 3% agus déantar iad araon a ríomh ar a phá comhlán.

(20 marc)
**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## BAINISTÍOCHT

## CEIST 7

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

### *Muintir Sanders*



Tá Linda agus Pól Sanders ina gcónaí ina dteach féin lena mbeirt pháistí. Tá Linda ag obair mar Bhainisteoir Oifige i gcomhlacht mór priontála. Is Ionadaí Díolacháin le siopa troscáin é Pól. Ullmhaíonn Linda buiséad teaghlaigh gach bliain agus ní mór di ceannach an dara carr a chur san áireamh i roinn an chaiteachais i mbliana. Tá muintir Sanders ag smaoineamh ar iasacht bhainc mheántéarmach a thógáil amach chun an carr a cheannach. Tá saoráid rótharraingthe acu ar a gcuntas reatha faoi láthair.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chineál árachais a d'fhéadfadh a bheith ag muintir Sanders. (15 mharc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a n-ullmhódh muintir Sanders Buiséad Teaghlaigh. (15 mharc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc nach mór do muintir Sanders a chur san áireamh sula dtógann siad amach iasacht bhainc mheántéarmach. (15 mharc)

**(D)** Ainmnigh **trí** ghné a bhaineann le Cuntas Reatha. (15 mharc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar chosúlacht **amháin** agus ar dhifríocht **amháin** do Linda idir a hoifig a bhainistiú agus a teach féin a bhainistiú. (15 mharc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## GNÓ I nGNÍOMH

## CEIST 8

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

### Madra Mia



Tá Madra Mia lonnaithe i gcathair Chorcaí ón mbliain 2000 anall. Seirbhís ghrúmaeireachta do mhadraí agus táirgí do chúram ainmhithe a chuireann siad ar fáil. Bhí an-rath ar an ngnó sa chéad chúpla bliain ach tháinig laghdú ar an líon custaiméirí ó thosaigh an cúlú eacnamaíochta. Tá cóimheá airgid á baint amach ag an ngnóthas faoi láthair ach tá an t-úinéir, Niamh Ní Mhurchú, ag smaoineamh ar tháirgí agus ar sheirbhísí nua a thairiscint do chustaiméirí. Tá sé ar intinn aici taighde margaidh a dhéanamh. Bainfidh sí úsáid as an eolas a bhaileofar chun praghsanna a shocrú agus chun teicnící spreagtha díolachán a fhorbairt. Déanfaidh sí a plean gnó a athnuachan nuair a bheidh a cuid taighde déanta.

**(A)** (i) Liostaigh **dhá** mhodh taighde allamuigh a d'fhéadfadh Niamh a úsáid.
(ii) Mínigh buntáiste **amháin** a bhaineann le **gach** modh díobh. (20 marc)

**(B)** Mínigh an téarma 'cóimheá airgid a bhaint amach'. (10 marc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc nach mór do Niamh a chur san áireamh sula socraíonn sí praghas a cuid táirgí agus a cuid seirbhísí. (15 mharc)

**(D)** Déan cur síos ar **dhá** mhodh spreagtha díolachán chun díolacháin a mhéadú do Mhadra Mia. (15 mharc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le plean gnó a ullmhú. (15 mharc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

Leathanach Bán